

COMHAD FÍRICÍ: EALAÍONA ÍOMHÁ GLUAISTE GCSE



Cleachtais agus Comhthéacsanna Tionscail: Léiriú, Dáileadh, Taispeántas agus an Lucht Féachana

Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:

- eolas a léiriú ar an dóigh a léiríonn, a ndáileann agus a dtaispeánann tionscal príomhshrutha scannán Hollywood scannáin faoi láthair;
- an difear idir léiriú scannán stiúideo agus léiriú neamhspleách scannán; agus
- na bealaí éagsúla a n-amharcann lucht féachana ar scannáin a mhíniú agus a phlé:
 - pictiúrlann;
 - teilifís (sceidealaithe nó ar éileamh);
 - DVD;
 - Blu-ray; agus
 - sruthú ar líne.

Inneachar an Chúrsa

Léiriú Stiúideo Hollywood

Nuair a bhaineann muid úsáid as an téarma Léiriú Stiúideo Hollywood nó nuair a labhraíonn muid ar Chóras Stiúideo Hollywood, tá muid ag tagairt do cheannas fadbhunaithe roinnt stiúideonna agus dáileoirí scannán atá lonnaithe in Hollywood, California.

Faoi Chóras Stiúideo Hollywood maoiníonn agus léiríonn cnuasach beag stiúideonna scannáin iad féin agus dáileann siad ar phictiúrlanna iad trína rannóga dáilte féin. Lena chois sin, in amanna déantar scannáin stiúideo a scannánú ar stáitsí taifeadta nó ar lotaí cúl stiúideo ar leis an stiúideo féin iad.

Mar sin de, mar shampla, léiríodh *Jurassic World* (2015) ag Universal Studios agus dáileadh ag a rannóg dáilte é.

Léiriú Neamhspleách Scannán

Tugtar scannáin Neamhspleácha ar scannáin a dhéantar taobh amuigh de chóras Stiúideo Hollywood. Is minic a bhaintear úsáid as an téarma “Indie Cinema” le cur síos ar na scannáin neamh-stiúideo seo.

De ghnáth, déantar scannáin neamhspleácha a scannánú ar bhuiséad níos lú ná scannáin stiúideo. Féadfaidh siad a bheith maoinithe go neamhspleách ag infheisteoirí príobháideacha nó ag comhlachtaí léirithe níos lú. Féadfaidh scannáin neamhspleácha plé le hábhar nó le téamaí nach gnách le scannáin stiúideo plé leo.

Féadfaidh scannáin neamhspleácha tosú ar léiriú gan dáileoir a bheith socraithe acu agus gan aon dearbhú go ndáilfear go forleathan iad. Ina dhiaidh sin, éiríonn le roinnt scannán neamhspleách fíor-bheaghostais dáileadh níos leithne a bhaint amach.

Mar shampla, ainneoin go raibh buiséad léirithe amuigh is istigh ar £100,000 aige agus gan aon réalta mór le rá ann, tógadh an scannán Éireannach *Once* (2007) ag 20th Century Fox le haghaidh dáileacháin in SAM agus i ndeireadh na dála shaothraigh sé corradh le \$20 milliún i nDíoloifig Mheiriceá.

Dáileadh Hollywood, Taispeántas agus an Lucht Féachana

Sular tháinig an fiseán baile ar an fhód mall sna 1970idí agus luath sna 1980idí, bhí dáileadh scannán teoranta do chéadeisiúint amharclainne scannáin agus léirithe teilifíse, a leanfadh blianta i ndiaidh scannáin a seal sna pictiúrlanna a chríochnú. Mar shampla, eisíodh *Star Wars* i bpictiúrlanna sa bhliain 1977 agus ní raibh a chéad taibhiú ar theilifís aige go dtí an bhliain 1982.

Is beag athrach atá ar an tsamhail dáilte ar phictiúrlanna na laethanta seo. Go fóill, eisítear scannáin mhóra go pictiúrlanna an chéadair agus bíonn eisiúintí i bhformáidí eile in ionaid eile ann tamall ina dhiaidh sin. Roimh na ndeich mbliana reatha, dáileadh scannáin ar phictiúrlanna ar spóil 35mm. Ba chostasach na spóil toirtiúla scannáin seo a aistriú ó áit go háit agus níorbh fhéidir iad a chur ar siúl ach ar theilgeoirí costasacha anásta. Sa lá atá inniu ann, tá chóir a bheith an dáileadh scannán uilig digiteach agus seachadtar scannáin ar phictiúrlanna ar thiomántáin chrua atá formáidithe go speisialta a dtugtar Pacáistí Digiteacha Cineama nó PDCanna (DCPs) orthu.

Tá an mhoill ama idir eisiúint amharclainne agus eisiúint i bhformáidí eile níos giorra anois fosta. Mar shampla, eisíodh *Marvel's Avengers* go pictiúrlanna sa tsamhradh 2012 agus craoladh ar theilifís trastíre é i mí na Nollag 2014.

Tá i bhfad níos mó éagsúlachta anois ann sna dóigheanna ar féidir le lucht féachana amharc ar scannáin. Thosaigh an méadú seo ar roghanna do thomhaltóirí le dul chun cinn na teicneolaíochta a bhain le fiseáin bhaile. Lig seo do stiúideonna a dtáirge a eisiúint ar fhístéip. Chuir seo ar chumas tomhaltóirí amharc ar scannáin sa bhaile san am ba mhian leo féin. D'eascair Siopaí Fiseán ar Cíos leis an ghnólacht nua seo a éascú. Ach ansin féin, bhí téipeanna VHS costasach ar fad agus níor díoladh iad ach leis na cíosaí seo. Faoi dheireadh na 1980idí, áfach, bhí dáileoirí ag díol fístéipeanna díreach le lucht féachana baile.

Le teacht an DVD mall sna 1990idí, bhí méadú ollmhór ar dhíolacháin fiseán baile nó mheall an fhormaid seo tomhaltóirí le linn í a bheith níos nua, níos so-aimsithe agus de chaighdeán níos airde. Chuaigh an margadh seo i laghad ach maireann sé ar fad nó tá custaiméirí sásta go fóill scannáin a cheannach ar DVD nó ar Blu-Ray, formáid níos nua, ardghléine.

San am i láthair, is iad seirbhísí fístaispeána sruthaithe an modh dáileacháin is nua agus is mó fás. Gearrann comhlachtaí mar *Amazon Prime*, *Netflix* agus *Mubi* táille síntiúis ar chustaiméirí. Ar a shon sin, is féidir le custaiméirí amharc ar na scórtha scannán ar a ríomhairí nó ar ghléasanna féachana sa bhaile amhail Teilifís Chliste nó táibléid.

Tá scannáin ar fáil ar theilifís anois roimh an chéad chraoladh trastíre trí sheirbhísí teilifíse síntiúis nó ar éileamh mar *Sky Movies*.

